



Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2011

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--

Matamaitic

Modúl N5 Páipéar 2
(Le háireamhán)
Bonnsraith

[GMN52]



GMN52

DÉ LUAIN 6 MEITHEAMH
2.45 pm – 3.45 pm

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist **déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 56 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Foirmilí ar leathanach 2.

Don Scrúdaitheoir
amháin


Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	

Marc Iomlán	
-------------	--


--

Bileog Foirmlí

Achar traipéisiam = $\frac{1}{2}(a + b)h$



Toirt priosma = achar trasghearrtha \times fad



1 (a) Tarraing líne shiméadrachta ar an léaráid thíos.



[1]

(b) (i) Sa spás thíos tarraing sceitse de phirimid a bhfuil bonn cearnógach uirthi.

[1]

(ii) An phirimid in úsáid agat, faigh freagra ar an áireamh seo a leanas.


Líon na n-aghaidheanna + líon na reann – líon na bhfaobhar

Taispeáin do chuid oibre.

Freagra _____ [2]


Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
Iomlán Ceist 1	

2 (a) Scríobh an teocht atá á taispeáint ar an teirmiméadar.



Freagra _____ °C [1]


(b) Scríobh an léamh atá ar an amadóir.



Freagra ____ uair ____ nóim [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(c) Taispeánann an luasmhéadar thíos an luas ina km/u.



(i) Cén luas atá á thaispeáint?

Freagra _____ km/u [1]

(ii) Tarraing saighead ar an luasmhéadar le luas 158 km/u a thaispeáint.

[1]

(iii) Cad é an difríocht idir an luas in (i) agus an luas in (ii)?

Freagra _____ km/u [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Iomlán Ceist 2

[Tiontaigh an leathanach

- 3 Is ar an dóigh seo a leanas a mbíonn costais phriontála á bhfógairt ag Pota na Priontála

$$\text{Costas (ina phingíní)} = 35 \times \text{priontaí daite} + 10 \times \text{priontaí dubh is bán}$$

- (a) Fuair Gráinne 3 phrionta dhaite agus 2 phrionta dubh is bán.

Cad é an costas iomlán ina phuint (£)?

Freagra £ _____ [2]

- (b) Is ar an dóigh seo a leanas a mbíonn costais phriontála á bhfógairt ag Priontáil Ghasta

$$\text{Costas (ina phingíní)} = 30 \times \text{líon na bpriontaí} + 90$$

Cá mhéad a bheadh le híoc ag Gráinne sa Phriontáil Ghasta?

Freagra £ _____ [2]

Iomlán Ceist 3

- 4 Thairfead dalta na teochtaí °C seo a leanas thar thréimhse ama

12, -2, 7, -9, 13, -14, 6, -10

Scríobh ón liosta


- (a) an teocht is teo, Freagra _____ °C [1]

- (b) an teocht is fuaire. Freagra _____ °C [1]

Iomlán Ceist 4

5 Is féidir achar talaimh a thomhas ina heicteáir nó ina acraí.

Taispeánann an graf tiontaithe an dóigh le tiontú a dhéanamh idir heicteáir agus acraí.



(a) Cá mhéad heicteár atá ann in 220 acra?

Freagra _____ heicteár [1]

(b) Oibrigh amach líon na n-acraí atá in 150 heicteár.


Freagra _____ acra [1]

(c) Críochnaigh an abairt

Tá acra _____ uair níos mó na heicteár. [1]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna Athmharc
Iomlán Ceist 5	

6 Is ochtagán rialta é an rothlóir seo thíos. Is féidir leis stopadh ar ainm ar bith.



(a) Cén t-ainm is dóchúla a stopfaidh an rothlóir air?

Freagra _____ [1]

(b) Cén dá ainm a bhfuil an dóchúlacht chéanna ann go stopfaidh an rothlóir orthu?

Freagra _____, _____ [1]

(c) Scríobh ainm **nach** féidir leis an rothlóir stopadh air.

Freagra _____ [1]

(d) Cé acu is dóchúla, go stopfaidh an rothlóir ar ainm buachalla nó ar ainm cailín?

Freagra _____ [1]

(e) Chas dalta an rothlóir 200 uair. Cá mhéad uair, dar leat, a stopfadh sé ar an ainm Lisa?

Freagra _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Iomlán Ceist 6

7

A H J N P S W X

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna Athmharc	

- (a) Scríobh an dá litir ó na litreacha thuas a bhfuil **aon** líne shiméadrachta **amháin** go beacht acu.

Freagra _____, _____ [1]

- (b) Scríobh an dá litir ó na litreacha thuas a bhfuil siméadracht rothlach den ord 2 **agus** dhá líne shiméadrachta acu.

Freagra _____, _____ [2]

- (c) Scríobh an dá litir ó na litreacha thuas a bhfuil siméadracht rothlach den ord 2 **agus** nach bhfuil aon líne shiméadrachta ar bith acu.

Freagra _____, _____ [2]

Iomlán Ceist 7	

- 8 Cuir luibíní sna ráitis seo a leanas le go mbeidh siad fíor.

(a) $5 \times 4 + 3 - 2 = 33$ [1]

(b) $9 - 3 \times 2 + 7 = 54$ [1]

Iomlán Ceist 8	

9 Dhíol daltaí 800 ticéad le haghaidh crannchuir. Bhí na huimhreacha 1 go 800 ar na ticéid.

(a) Cad é an dóchúlacht go raibh uimhir níos mó ná 550 ar an ticéad a bhain?

Freagra _____ [2]

(b) Is féidir nárbh é $\frac{1}{2}$ an dóchúlacht gur ag fireannach a bhí an ticéad a bhain. Mínigh cad chuige.

Freagra _____

_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Iomlán Ceist 9

- 11 Ba é £1 = €1.15 an ráta malartaithe ó £ go euro.
Cheannaigh Séamas bríste géine ar €90.
Cá mhéad a bhí ar an bhríste géine in £?

Freagra £ _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
Iomlán Ceist 11	
Iomlán Ceist 12	

- 12 Roghnaigh Tony liathróid go randamach as mála ina raibh 8 liathróid ghorma, 1 liathróid ghlas agus 4 liathróid bhána.

Cad é an dóchúlacht gur roghnaigh Tony

- (a) liathróid ghlas?

Freagra _____ [1]

- (b) liathróid bhán?

Freagra _____ [1]

- (c) liathróid **nach** raibh bán?

Freagra _____ [1]


- (d) liathróid dhearg?

Freagra _____ [1]

- (e) liathróid ghorm nó liathróid ghlas?

Freagra _____ [2]

13



Taispeántar cruth P ar an eangach.

(a) Frithchaith P san ais y .

[1]

(b) Tarraing íomhá chruth P i ndiaidh aistriú $\begin{pmatrix} -3 \\ 5 \end{pmatrix}$.


[2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Iomlán Ceist 13

14



Léiríonn an léaráid taobh-amharc de sheid ghairdín a bhfuil díon claonta air. Ríomh an t-achar atá i dtaobh-amharc na seide. Scríobh do fhreagra ceart go dtí céim chruinnis chuí.

Freagra _____ m² [3]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Iomlán Ceist 14

15 Ba mhaith le Tomás a fháil amach cá mhéad cáin ioncaim a bheadh le híoc aige ar an phá iomlán aige. Bhí an fhaisnéis seo thíos in úsáid aige.

An pá iomlán = £24,265

Liúntas pearsanta saor ó cháin = £5,895

10% de cháin ar an chéad £3,200 d'ioncam incháinithe

28% de cháin ar ioncam incháinithe ó £3,201 go £42,600

Cad é an méid iomlán de cháin ioncaim ba chóir dó a fháil mar fhreagra?

Freagra £ _____ [4]

Iomlán Ceist 15

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO LE DO THOIL

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.